Ciall don Ghréasán

Dear suíomh gréasáin a chuireann eolas i láthair páistí óga ar an dóigh le bheith sábháilte ar líne.

Cuid 1

Bí ag obair i d'aonar le suíomh gréasáin a chruthú a nascann trí leathanach gréasáin le chéile.

Aimsigh eolas ábhartha is féidir leat a úsáid ar do shuíomh gréasáin. Coinnigh nóta ar fhoinsí do chuid eolais. Déan mapa suímh le do shuíomh gréasáin a phleanáil.

Déan cinneadh ar an dóigh a n-úsáidfidh tú cló, leagan amach, grafaicí, dath agus boscaí téacs srl. le haird an lucht féachana a tharraingt ar eolas tábhachtach.

Cruthaigh suíomh gréasáin ina bhfuil dhá leathanach nó trí leathanach a chuireann téacs agus íomhánna neamhghluaiste nó gluaiste le chéile. Thig leat fuaim a chur isteach fosta má shíleann tú go bhfuil sin fóirsteanach.

Ciall don Ghréasán

Cuid 2

Bí ag obair i d'aonar le suíomh gréasáin il-leathanach a dhearadh, a chruthú agus a thógáil ar shábháilteacht ar líne do pháistí óga. Ba cheart go raibh naisc chuig leathanaigh agus suíomhanna eile ar do shuíomh.

Déan cinneadh ar an dóigh a n-úsáidfidh tú cló, leagan amach, grafaicí, dath agus boscaí téacs srl. le haird an lucht féachana a tharraingt ar eolas tábhachtach.



Bain úsáid as uirlis mheabhairmhapála nó uirlis sreabhchairte le mapa suímh digiteach a chruthú do do shuíomh gréasáin .

Cuir le chéile téacs, fuaimeanna, íomhánna gluaiste agus neamhghluaiste a d'aimsigh tú nó a rinne tú féin.

Déan measúnú ar do chuid oibre agus déan feabhsuithe ar bith atá de dhíth.

Foilsigh do shuíomh gréasáin.

Taispeáin an cur i láthair don rang agus sainaithin fadhbanna ar bith a bhí agat.

Pléigh athruithe ar bith atá le déanamh.

Ciall don Ghréasán

Suíomhanna Gréasáin Úsáideacha

BT - www.btinternetrangers.co.uk

CBBC - www.bbc.co.uk/cbbc/help/safesurfing

Grid Club - www.gridclub.com/teachers/t_internet_safety.html

Kid Smart - www.kidsmart.org.uk

Thinkuknow - www.thinkuknow.co.uk

Internet Proficiency Scheme - www.learn-ict.org

Signposts to Safety - www.publications.becta.org.uk

Childnet International - www.childnet-int.org